Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

2025/2089(INI)

3.3.2026

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le cur chun feidhme bheartas cur chun cinn agraibhia an Aontais tar éis athchóiriú 2014
2025/2089 (INI)

An Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

Rapóirtéir: Salvatore De Meo

PR_INI

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 8

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le cur chun feidhme bheartas cur chun cinn agraibhia an Aontais tar éis athchóiriú 2014
(2025/2089(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1144/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn a bhaineann le táirgí talmhaíochta a chuirtear chun feidhme sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 ón gComhairle,

– ag féachaint don staidéar ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa ó mhí na Nollag 2025 dar teideal *Evaluation of EU agri-food promotion policy: Insights and lessons learnt – European Implementation Assessment* [Meastóireacht ar bheartas an Aontais maidir le cur chun cinn agraibhia: Léargais agus ceachtanna a foghlaimíodh – Measúnú ar Chur Chun Feidhme Eorpach]

– ag féachaint don fhógra ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an bhfeachtas ‘Ceannaigh Bia Eorpach’ i mí Mheán Fómhair 2025,

– ag féachaint don Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ‘Plean Sáraithe Ailse na hEorpa’ (COM(2021) 0044),

– ag féachaint don staidéar ó Sheirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa i mí Lúnasa 2022 dar teideal *Farm certification schemes for sustainable agriculture — State of play and overview in the EU and in key global production countries, concepts and methods* [Scéimeanna deimhniúcháin feirme don talmhaíocht inbhuanaithe — Staid na himeartha agus forléargas in AE agus i bpríomhthíortha táirgthe domhanda, coincheapa agus modhanna],

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1144/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn a bhaineann le táirgí talmhaíochta a chuirtear chun feidhme sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha (COM(2021)0049),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013,

– ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin maidir leis an meastóireacht ar thionchar bheartas cur chun cinn talmhaíochta an Aontais ar mhargaí inmheánacha agus tríú tír (SWD (2020) 0399),

– ag féachaint don staidéar a rinne an Coimisiún Eorpach, Deloitte, IPSOS agus Tetratech International Development ó mhí Iúil 2020 dar teideal *Evaluation support study of the EU agricultural promotion policy, internal and third countries markets* [Staidéar tacaíochta meastóireachta ar bheartas an Aontais maidir le cur chun cinn na talmhaíochta, margaí inmheánacha agus margaí tríú tíortha], Oifig na bhFoilseachán,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012,

– ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1831 ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2025 maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1144/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn a bhaineann le táirgí talmhaíochta a chuirtear chun feidhme sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2117 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint sonraí geografacha i ndáil le táirgí fíona cumhraithe, agus (AE) Uimh. 228/2013 lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas,

– ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2025 maidir le maoiniú beart faisnéise agus beart cur chun cinn a bhaineann le táirgí talmhaíochta a chuirtear chun feidhme sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha agus maidir le glacadh an chláir oibre le haghaidh 2026,

– ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2024 maidir le maoiniú beart um sholáthar faisnéise agus beart cur chun cinn a bhaineann le táirgí talmhaíochta a chuirtear chun feidhme sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha agus maidir le glacadh an chláir oibre le haghaidh 2025,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2025 dar teideal *A Vision for Agriculture and Food – Shaping together an attractive farming and agri-food sector for future generations* [Fís don Talmhaíocht agus don Bhia – Earnáil feirmeoireachta agus agraibhia tharraingteach a mhúnlú le chéile do na glúnta atá le teacht] (COM(2025)0075),

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (A10-0000/2026),

A. de bhrí, leis an mbeartas cur chun cinn, gur slógadh buiséad arb ionann é agus EUR 132 mhilliún le haghaidh 2025, atá comhroinnte idir cláir shimplí agus ilchláir agus gur uirlis bhunriachtanach é sin chun iomaíochas shlabhraí soláthair na hEorpa ar mhargaí inmheánacha agus ar mhargaí idirnáisiúnta a neartú, go háirithe trí thacú le gníomhaíochtaí comhchoiteanna;

B. de bhrí go gcothaíonn na hilchláir, arna gcistiú le thart ar EUR 40 milliún in 2025, comhar idir na Ballstáit agus go rannchuidíonn siad le comhpháirtíochtaí a fhorbairt idir tairbhithe an chláir agus, ar an gcaoi sin, go neartaíonn siad comhtháthú an mhargaidh inmheánaigh;

C. de bhrí, sa tréimhse 2016-2024, gur mhó an t-éileamh ar chistiú le haghaidh cláir cur chun cinn ná an leithdháileadh go minic, go háirithe i dtríú tíortha, agus de bhrí gur tháinig laghdú ar an sciar a leithdháileadh ar ilchláir idir 2021 agus 2024, rud a léiríonn éagothroime struchtúrach idir riachtanais agus na hacmhainní atá ar fáil;

D. de bhrí gur minic nach mbaintear dóthain úsáide as acmhainní do thionscnaimh áirithe, amhail táirgí orgánacha agus inbhuanaithe a chur chun cinn i dtríú tíortha, agus go bhfuil barrachas mór éilimh ann i gcás táirgí eile, rud a léiríonn go bhfuil gá le hailíniú níos fearr le réaltacht reatha an mhargaidh;

E. de bhrí gur fiontair bheaga agus mheánmhéide nó eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht orthu iad trí cheathrú den sampla a úsáidtear sa staidéar, agus de bhrí go bhfuil na gníomhaithe sin ag dul i ngleic le costais táirgthe atá ag dul i méid agus acmhainneacht infheistíochta theoranta, rud a fhágann gur gá rochtain chothrom, shimplithe agus chomhréireach ar shásraí cur chun cinn a neartú;

F. de bhrí, ó 2021 i leith, gur leithdháileadh cion den chistiú ar chatagóirí amhail *inbhuanaitheacht* agus *cothú sláintiúil*, agus luach eacnamaíoch táirgí Eorpacha á chur chun cinn ag an am céanna;

G. de bhrí go measann níos mó ná leath de na tairbhithe a ghlac páirt i staidéar EPRS gur rannchuidigh an mana ‘Enjoy, it's from Europe’ go mór le feabhas a chur ar aitheantas táirgí, go háirithe i dtríú tíortha, ina bhfuil leibhéil chlú na mbrandaí Eorpacha agus na gcomharthaí tionscnaimh fós níos ísle ná mar atá i gcríocha an Aontais;

H. de bhrí go bhfuil margaí talmhaíochta, go háirithe i dtríú tíortha, neamhchosanta ar luaineachtaí tapa eacnamaíocha agus geopholaitiúla, agus gur minic a bhíonn acmhainneacht oiriúnaitheachta níos teoranta ag cláir shimplí a bhainistítear ar an leibhéal náisiúnta ná mar a bhíonn ag ilchláir, rud a fhágann gur gá sásraí solúbthachta agus atreorúcháin buiséid a neartú;

I. de bhrí gur bacainní suntasacha iad nósanna imeachta riaracháin casta do sciar suntasach d’oibreoirí, go háirithe iad siúd atá lonnaithe i gceantair thuaithe, a dteastaíonn níos mó simplithe uathu chun éifeachtacht an chistithe phoiblí a áirithiú;

J. de bhrí, i gcás oibreoirí atá lonnaithe i gceantair thuaithe shléibhtiúla nó faoi mhíbhuntáiste, gur uirlis thábhachtach iad cláir cur chun cinn chun fostaíocht, gníomhaíocht eacnamaíoch agus comhtháthú críochach a choinneáil ar bun;

Moltaí

Maoiniúchán

1. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá ilchláir lena gcumasaítear comhar idir na Ballstáit agus ar cheart dóibh, dá bhrí sin, imchlúdach airgeadais níos airde a fháil;

2. ag tabhairt dá haire gur gá cistiú a dhéanamh inaistrithe idir cláir agus earnálacha ar bhealach a fhreagraíonn do riachtanais na n-oibreoirí gan an bonn a bhaint d'intuarthacht agus de chobhsaíocht an chreata airgeadais;

3. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an beartas cur chun cinn chun tacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide, a bhfuil costais arda táirgthe agus acmhainneacht infheistíochta laghdaithe rompu;

4. ag tabhairt dá haire nach mór rochtain a bheith ag gach táirgeoir talmhaíochta ar bheartais cur chun cinn, agus béim ar leith á leagan ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide, chun nach ndíspreagfar iad mar gheall ar chastacht na nósanna imeachta maorlathacha agus riaracháin;

5. á chur i bhfáth gur gá leanúint d'acmhainní sonracha a chur i leataobh chun tacú le honnmhairiú agus margú táirgí a chumhdaítear le cláir cur chun cinn, agus béim ar leith á leagan ar thríú tíortha, ós rud é go n-áiritheofaí leis sin infheictheacht agus iomaíochas níos fearr in earnáil na talmhaíochta;

6. á chur i bhfáth gur gá uirlisí nua-aimseartha cur chun cinn a chaomhnú bunaithe ar anailís ar éileamh tomhaltóirí agus tacú le feachtais chumarsáide spriocdhírithe ar féidir leo breisluach a chur le táirgí bia Eorpacha;

Nasc le tionscnaimh AE eile

7. ag tabhairt dá haire go bhfreagraíonn beartais cur chun cinn don mhéid a rabhthas ag súil leis san fheachtas 'Ceannaigh Bia Eorpach', lena dtacaítear le táirgeoirí agus le geilleagar na hEorpa;

8. ag tabhairt dá haire go rannchuidíonn beartais cur chun cinn le cuspóirí tionscnamh Eorpach eile arna moladh ag an gCoimisiún, go háirithe trí thacaíocht a thabhairt do mhargú torthaí agus glasraí;

9. á chur i bhfáth, ag an am céanna, nár cheart beartas cur chun cinn a bheith coinníollach ar bheartais eile de chuid an Aontais; ag cur i gcoinne critéir incháilitheachta nua a thabhairt isteach chun rochtain a fháil ar chistiú den sórt sin agus srianta féideartha ar chur chun cinn cineálacha áirithe táirgí nó catagóirí táirgí a áirítear sa rialachán;

Bearta a bhainistiú

10. á chur in iúl gur geal léi an mana 'Enjoy, it's from Europe', a chuir le hinaitheantacht táirgí Eorpacha a mhargaítear i dtríú tíortha;

11. á chur in iúl go bhfuil súil aici gur féidir an mana 'Enjoy, it's from Europe' agus comharthaí tionscnaimh a úsáid le chéile chun inaitheantacht táirgí bia Eorpacha a

mhéadú;

12. ag tabhairt dá haire nach bhfuil cláir shimplí, atá bainistithe ar leibhéal an Bhallstáit aonair, chomh solúbtha céanna i gcás athruithe i gcomparáid leis na hilchláir atá bainistithe ag an gCoimisiún agus gur gá, dá bhrí sin, solúbthacht níos fearr a áirithiú don Bhallstát maidir le glacadh le hiarrataí chun an clár a oiriúnú d'athruithe sa mhargadh;

13. á mholadh go n-áiritheofaí níos mó solúbthachta i mbainistiú clár (ilchláir agus cláir shimplí) i gcás inar gá iad a atreorú chuig margaí atá éagsúil ó na margaí a bhí beartaithe ar dtús, a luaithe a sheolfar iad;

14. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé acmhainní a dhíriú ar líon níos teoranta spriocmhargaí chun scaipeadh iomarcach iarrachtaí cur chun cinn a sheachaint agus chun tionchar na bhfeachtas cistithe a mhéadú;

15. ag tabhairt dá haire gur gá tosaíochtaí an chláir oibre bhliantúil a chur in oiriúint níos fearr d'fhíoréileamh an mhargaidh chun tearcúsáid buiséad in earnálacha áirithe, amhail táirgí orgánacha, a sheachaint;

16. á iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh maidir le cibé an leor an ráta comhréidh do chostais riaracháin chun an t-ualach airgeadais maidir le bainistiú an chláir a iompar;

Meastóireacht, éifeachtacht agus cáilíocht na gclár

17. á chur i bhfáth gur gá táscairí tionchair na gclár cur chun cinn a chomhchuibhiú chun inchomparáideacht na dtorthaí a fheabhsú agus chun gur féidir measúnú níos cruinne a dhéanamh ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí arna gcistiú ag an Aontas;

18. á iarraidh go ndéanfaí treoirlínte comhchoiteanna a fhorbairt le haghaidh tuarascálacha meastóireachta cláir chun cáilíocht níos fearr na sonraí a bhailítear agus úsáid níos éifeachtaí na dtorthaí a áirithiú agus tosaíochtaí amach anseo á sainiú;

Forbairt eacnamaíoch i gcríocha imeallacha

19. ag tabhairt dá haire gur féidir le beartais cur chun cinn tacú le táirgeoirí i gceantair thuaithe, borradh a chur faoin ngeilleagar agus faoi fhorbairt áitiúil limistéar imeallach agus fiontar beag agus meánmhéide, agus go bhfuil sé úsáideach, dá bhrí sin, cláir ó na ceantair sin a spreagadh;

°

° °

20. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Réamhrá

Cuirtear faisnéis ar fáil sa tuarascáil seo maidir le staid chur chun feidhme an bheartais cur chun cinn agus déantar moltaí beartais inti chun feabhas a chur ar an scéim tacaíochta don bheartas cur chun cinn agus ar an rochtain ar mhaoiniú d'oibreoirí, chomh maith le tacú le hiomaíochas na hearnála agraibhia.

Príomhthorthaí

1. Iomaíochas na hearnála agraibhia (béim ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide)

Chun iomaíochas earnáil agraibhia na hEorpa a neartú, tá gá le tacaíocht níos mó d'fheirmeoirí beaga agus meánmhéide, atá ina gcrann taca don táirgeadh, go háirithe i gceantair thuaithe. Níor cheart go dtuigfí leis sin go n-eisiatar tacaíocht d'fhiontair mhóra, a bhfuil ról lárnach acu maidir le táirgí Eorpacha a chur chun cinn, ach ba cheart go dtuigfí leis go bhfuil aird ar leith á tabhairt ar fheirmeacha beaga a bhfuil orthu dul i ngleic le costais arda táirgthe, acmhainneacht íseal infheistíochta agus iomaíocht láidir idirnáisiúnta. Chun feabhas a chur ar a seasamh ar na margaí, tá sé ríthábhachtach a rochtain ar uirlisí cur chun cinn a éascú. D'fhéadfadh tacaíocht do nuachóiriú, éagsúlú agus feabhsú cáilíochta (tásca geografacha, trádmharcanna, táirgeadh inbhuanaithe, etc.) fiontair bheaga agus mheánmhéide a dhéanamh níos tarraingtí. Ar an gcaoi chéanna, tá comhairle maidir le honnmhairiú agus le margaíocht fíor-riachtanach chun infheictheacht níos fearr a thabhairt dóibh. Chun iomaíochas na bhfeirmeacha beaga agus meánmhéide a mhéadú, ní mór athléimneacht agus inbhuanaitheacht na hearnála agraibhia ina hiomláine san Aontas Eorpach a neartú ar deireadh.

2. Solúbthacht beartais

Ceann de na príomhtheorainneacha a bhaineann le beartas cur chun cinn is ea easpa solúbthachta na huirlise sin, mar a léiríodh sa staidéar ó EPRS *Evaluation of EU agri-food promotion policy: Insights and lessons learnt* [Meastóireacht ar bheartas cur chun cinn agraibhia an Aontais: Léargais agus ceachtanna a foghlaimíodh], a foilsíodh i mí na Nollag 2025. Leagadh béim ar an deacracht a bhaineann leis an gclár a leasú agus a atreorú a luaithe a sheolfar é, mar shampla i gcás fadhbanna suaiteachta margaidh. Meastar, dá bhrí sin, gur gá gníomhaíocht a dhéanamh chun níos mó solúbthachta a áirithiú do rannpháirtithe an chláir, rud a chuirfidh ar a gcumas a gceann scríbe nó a gcatagóir táirgí a athrú i gcás gá atá nasctha le héagobhsaíocht gheopholaitiúil, mar shampla. Ba cheart a iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar nósanna imeachta chun cur chun feidhme an bheartais sin a shimpliú, lena n-áirítear maidir leis na Ballstáit a bhfuil ról lárnach acu i mbainistiú na gclár simplí.

3. Nasc le straitéisí Eorpacha eile

I mí na Bealtaine 2020, thíolaic an Coimisiún an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', agus Plean Sáraithe Ailse na hEorpa ina dhiaidh sin i mí Feabhra 2021. Is é is aidhm don dá thogra sin táirgeadh talmhaíochta níos inbhuanaithe a fhorbairt agus aistí bia sláintiúla a chur chun cinn, ach d'fhéadfadh sé go n-eisiafaí táirgí agraibhia áirithe a mheastar a bhféadfadh riosca a bheith ag baint leo don tsláinte, amhail feoil dhearg agus fíon.

Léiríodh sa staidéar, áfach, go dtacaíonn an beartas cur chun cinn le cuspóirí sláinte poiblí, go háirithe in earnálacha amhail torthaí agus glasraí, agus dá bhrí sin go bhfuil sé nasctha go maith leis na straitéisí a chuir an Coimisiún i láthair.

Aithníonn an Rapóirtéir a thábhachtaí atá na straitéisí sin, ach meabhraíonn sé ábhar an fheachtais 'Buy European Food' a sheol an tUachtarán von der Leyen ag deireadh 2025. Cuireann sé i bhfáth, thairis sin, gur gá an deis chéanna a áirithiú chun páirt a ghlacadh i gcláir cur chun cinn do gach táirge Eorpach agus chun iad a chistiú, agus eisiamh nó fiú díspeagadh roinnt táirgí Eorpacha á seachaint.

4. Tacaíocht do chumarsáid maidir le táirgí agraibhia agus do mhargaíocht táirgí agraibhia

Is luamhán ríthábhachtach é cumarsáid agus margaíocht na dtáirgí agraibhia Eorpacha a neartú chun a n-infheictheacht agus a n-iomaíochas a mhéadú, go háirithe ar mhargaí idirnáisiúnta. Is gá, dá bhrí sin, leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i ngníomhaíochtaí cumarsáide spriocdhírithe, atá oiriúnaithe do shainiúlachtaí margaí tríú tíortha, agus uirlisí nua-aimseartha cur chun cinn a fhorbairt bunaithe ar anailís ar éileamh tomhaltóirí. Ba cheart tacaíocht shonrach a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide chun a straitéis mhargaíochta a bharrfheabhsú agus chun rochtain a fháil ar ghréasáin dáileacháin níos leithne. Ina theannta sin, chuirfeadh luachshocrú níos fearr ar cháilíocht na hEorpa (inbhuanaitheacht, inrianaitheacht, tásca geografacha, etc.) feabhas ar thionchar na bhfeachtas cur chun cinn, agus mhéadódh tacaíocht mhargaíochta mhéadaithe láithreacht na dtáirgí Eorpacha ar mhargaí idirnáisiúnta agus chruthódh sí deiseanna nua gnó.

5. Cláir cur chun cinn agus buiséad comhfhreagrach

Rinneadh anailís i staidéar EPRS ar dhá chineál clár cur chun cinn: ilchláir agus cláir shimplí, agus béim á leagan ar na cláir sin a bhaineann leis an earnáil orgánach. Maidir le hilchláir lena mbaineann dhá eagraíocht ar a laghad ó Bhallstáit éagsúla nó ó eagraíochtaí ar an leibhéal Eorpach, léiríodh sa staidéar laghdú ar chistiú a leithdháileadh ó 2021 go 2024 i gcomparáid le méadú coibhneasta le haghaidh na mblianta 2025 agus 2026. Is mór ag oibreoirí san earnáil agraibhia go háirithe an cineál sin cláir agus measann siad gur deis é chun oibriú i gcomhar le páirtithe leasmhara ó Bhallstáit eile agus tionscadail chomhpháirteacha a fhorbairt a d'fhéadfadh díriú ar an Aontas nó ar thríú tíortha. Gné eile de na hilchláir a bhfuil an-mheas uirthi is ea go ndéantar iad a bhainistiú ar leibhéal an Choimisiúin Eorpaigh, tríd an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde (REA), a chuireann freagairtí soiléire agus solúbtha ar fáil i gcás athruithe ar chláir ag tairbhithe. Cé gur díol sásaimh an treocht dhearfach maidir leis an leithdháileadh airgeadais do na cláir sin le dhá bhliain anuas, meastar gur gá a iarraidh go gcoinneofaí ar bun an tacaíocht mhéadaithe sin, go háirithe toisc gur deis thábhachtach í chun deiseanna nua margaidh a chur ar fáil nó chun iad a neartú, gan an bonn a bhaint den leithdháileadh do chláir shimplí. Is é atá i gceist leis sin go bhféadfaidh eagraíocht amháin nó níos mó ón tír chéanna den Aontas an iarraidh a dhéanamh chun margaíocht a dhéanamh san Aontas nó i dtríú tíortha. Ina theannta sin, bhí leithdháileadh airgeadais cobhsaí acu sa tréimhse 2021-2024, ar leithdháileadh é a mhéadaigh sa dá bhliain ina dhiaidh sin. Cuirtear i dtábhacht i staidéar EPRS, áfach, go léiríonn na cláir sin, a bhainistítear ar leibhéal na mBallstát, go bhfuil leibhéal níos ísle solúbthachta acu maidir le freagairt d'iarrataí féideartha ar athruithe ó thairbhithe. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh an clár níos inoiriúnaithe d'athruithe sa mhargadh. Ar deireadh, tuairiscítear i staidéar EPRS go bhfuil an buiséad a

leithdháiltear ar an earnáil orgánach faoi na hilchláir shimplí níos airde ná an t-éileamh atá ó oibreoirí. Dá bhrí sin, bheadh sé inmhianaithe dá mbeadh níos mó solúbthachta ann maidir le haistriú na gcistí sin idir earnálacha agus cláir chun freastal ar iarrataí na n-iarratasóirí.

Conclúidí agus Moltaí

Tá an Rapóirtéir den tuairim gur cheart na príomh-mholtaí beartais seo a leanas a chur i bhfeidhm:

- nósanna imeachta níos simplí agus níos inrochtana a fhorbairt do thairbhithe, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus d'eagraíochtaí ionadaíocha, chun rochtain chothrom agus chomhréireach ar chistiú poiblí a áirithiú, bacainní maorlathacha a laghdú agus éifeachtúlacht na gclár a fheabhsú;

- sásraí a thabhairt isteach chun cistí a oiriúnú agus a atreorú chun gur féidir freagairtí tapa a thabhairt ar athruithe airgeadais, ar athruithe ar tháirgí nó ar mhargaí cinn scríbe, go háirithe i dtríú tíortha, inar féidir le dálaí eacnamaíocha agus geopholaitiúla a bheith an-luaineach;

- faireachán a dhéanamh ar leithdháileadh acmhainní idir cláir shimplí agus ilchláir, lena n-áiritheofar cothromaíocht struchtúrach idir riachtanais na dtairbhithe agus infhaighteacht airgeadais, chun tacú leis an gcomhar idir na Ballstáit agus le rannpháirtíocht na bhfiontar beag agus meánmhéide araon;

- sciar níos mó den bhuiséad bliantúil a ullmhú do ghníomhaíochtaí margaíochta agus gníomhaíochtaí cur chun cinn, chun feabhas a chur ar infheictheacht agus iomaíochas táirgí agraibhia Eorpacha ar mhargaí intíre agus eachtracha agus chun idirnáisiúnú a chothú;

- foráil a dhéanamh maidir le lógó an Aontais a bheith ag gabháil le branda na tíre is táirgeoir ar phacáistíocht atá ceaptha do mhargaí eachtracha, chun inaitheantacht táirgí a mhéadú agus clú brandaí Eorpacha i dtríú tíortha a neartú;

- leanúint de thacaíocht a thabhairt do chláir cur chun cinn lena dtacaítear leis an gcomhtháthú críochach agus leis an bhforbairt tuaithe, ar féidir leo tacú le fostaíocht agus le gníomhaíocht eacnamaíoch i gceantair thuaithe, i gceantair shléibhtiúla agus i gceantair faoi mhíbhuntáiste.